# Foirm um Thorthaí Scuab-Imscrúdaithe a Thuairisciú

| | |
|---|---|
| **Dáta an Scuab-imscrúdaithe** | Meán Fómhair / Deireadh Fómhair 2018 |
| **Tír** | Éire |
| **Gníomhaireacht Forfheidhmithe Príobháideachta (ainm an údaráis)** | An Coimisiún um Chosaint Sonraí |
| **An Líon Iomlán cuideachtaí a ndearnadh teagmháil leo** | 30 (Tabhair faoi deara: Níor thug eagraíocht amháin freagra in am, a d'fhág nach rabhthas in ann an fhaisnéis uaithi a chur ar áireamh) |
| **An Earnáil/na hEarnálacha a ndearnadh scuab-imscrúdú uirthi/orthu**<br><br>Sonraigh freisin cá mhéad cuideachta i ngach earnáil a cuireadh ar áireamh sa Scuab-imscrúdú. | Cógaisíocht (3)<br>Cuideachtaí Ilnáisiúnta (4)<br>Rialtas/Rialtas Áitiúil (8)<br>Iompar (2)<br>Earnáil Phríobháideach (3)<br>Carthanais (2)<br>Oideachas (2)<br>Airgeadas (3)<br>Eile (3) |
| **An Mhodheolaíocht a úsáideadh** | Ríomhphost |

| | |
|---|---|
| (Cur tic le gach ceann lena mbaineann)<br><br>Má úsáideadh níos mó ná modheolaíocht amháin, sonraigh cá mhéad cuideachta a ndearnadh teagmháil leo trí úsáid a bhaint as gach modheolaíocht ar leith. | |

**Torthaí foriomlána**

| Táscaire Coiteann | Ceist | Rátáil<br>Sonraigh cá mhéad eagraíocht ar tugadh gach rátáil dóibh<br>*Is féidir na critéir rátála a fháil thíos* |
|---|---|---|
| **Táscaire 1: Beartais, nósanna imeachta agus rialachas** | Tá beartas príobháideachta sonraí inmheánach (atá ag teacht le ceanglais dhlíthiúla) i bhfeidhm ag an eagraíocht agus thaispeáin sí go bhfuil an beartas sin leabaithe ina gnáthchleachtais | An-mhaith: 26<br><br>Sásúil: 2<br><br>Dona: 1 |
| | Is ann do dhuine ar leibhéal sách sinsearach san eagraíocht atá freagrach as rialachas agus bainistíocht príobháideachta<br><br>*Tabhair faoi deara: I gcás gurb ann do dhuine ar leibhéal sách sinsearach atá freagrach as cosaint sonraí, ba cheart* | An-mhaith: 27<br><br>Sásúil: 2<br><br>Dona: 0 |

| | | |
|---|---|---|
| | *'an-mhaith' a thabhairt mar fhreagra. I gcás gurb ann do dhuine atá freagrach as cosaint sonraí ach nach bhfuil an duine sin ar leibhéal sách sinsearach, tabhair 'sásúil' mar fhreagra. I gcás nach ann d'aon duine ar bith atá freagrach as cosaint sonraí, tabhair 'dona' mar fhreagra.* | |
| **Táscaire 2: Faireachán, oiliúint agus feasacht** | Cinntíonn an eagraíocht go dtugtar oiliúint do bhaill foirne i bhfaisnéis phearsanta a chosaint trí iad a chur ar an eolas faoi na beartais phríobháideachta, na nósanna imeachta príobháideachta agus na dea-chleachtais phríobháideachta atá i bhfeidhm ag an eagraíocht | An-mhaith: 11<br><br>Sásúil: 18<br><br>Dona: 0 |
| | Déanann an eagraíocht faireachán ar a feidhmíocht ó thaobh caighdeán cosanta sonraí de (i.e. trí fhéinmheasúnaithe agus/nó iniúchtaí a dhéanamh ar a clár príobháideachta i ndáil le gearáin/ceisteanna/sáruithe) | An-mhaith: 13<br><br>Sásúil: 13<br><br>Dona: 3 |
| **(Táscaire 3) Trédhearcacht** | Coinníonn an eagraíocht beartais i bhfeidhm go gníomhach ina mínítear an dóigh a láimhseálann sí sonraí pearsanta agus tá rochtain éasca ag custaiméirí agus ag an bpobal i gcoitinne ar na beartais sin | An-mhaith: 25<br><br>Sásúil: 3<br><br>Dona: 1 |

| | | |
|---|---|---|
| **(Táscaire 4) Freagrúlacht agus bainistíocht teagmhas** | Coinníonn an eagraíocht nós imeachta doiciméadaithe um fhreagairt do theagmhais ar bun | An-mhaith: 21<br><br>Sásúil: 5<br><br>Dona: 3 |
| | I gcás sáraithe, tá nós imeachta i bhfeidhm ag an eagraíocht chun fógra a thabhairt do na daoine aonair lena mbaineann agus don rialálaí faoin méid sin | An-mhaith: 23<br><br>Sásúil: 4<br><br>Dona: 2 |
| | Coinníonn an eagraíocht loga teagmhas ina mionsonraítear na sáruithe uile a tharlaíonn | An-mhaith: 27<br><br>Sásúil: 0<br><br>Dona: 2 |
| | Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an eagraíocht chun freagra a thabhairt ar iarrataí agus gearáin ó dhaoine aonair agus ar cheisteanna seachtracha eile (cosúil leo sin ón rialálaí) | An-mhaith: 24<br><br>Sásúil: 4<br><br>Dona: 1 |
| **(Táscaire 5) Measúnú riosca, doiciméadúchán agus sreabhadh sonraí** | Tá próisis dhoiciméadaithe i bhfeidhm ag an eagraíocht chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le táirgí, seirbhísí, teicneolaíochtaí agus samhlacha gnó nua (mar shampla, is | An-mhaith: 20<br><br>Sásúil: 8<br><br>Dona: 1 |

| | | |
|---|---|---|
| | féidir leis an eagraíocht a thaispeáint go ndéanann sí measúnuithe tionchair ar phríobháideacht) | |
| | Coinníonn an eagraíocht fardal dá gabháltais sonraí pearsanta | An-mhaith: 20<br><br>Sásúil: 9<br><br>Dona: 0 |
| | Coinníonn an eagraíocht taifead ar aon sreafaí sonraí (i.e. sonraí a chomhroinntear le tríú páirtithe) | An-mhaith: 16<br><br>Sásúil: 12<br><br>Dona: 1 |
| An líon cuideachtaí a bhfuil oifigeach tiomnaithe cosanta sonraí nó foireann thiomnaithe cosanta sonraí acu (atá liostaithe ar a suíomh Gréasáin)<br><br>*Tabhair faoi deara gur chun críocha faisnéise amháin a úsáidfear é seo. Aithnítear nach gceanglaítear ar chuideachtaí i ndlínsí áirithe oifigeach tiomnaithe a bheith acu.* | | Iomlán: 25<br><br>Tabhair faoi deara: Cé go ndúirt siad faoi tháscaire 1 go bhfuil oifigeach cosanta sonraí acu, ní thugann 4 eagraíocht sonraí an oifigigh sin ar a suíomh Gréasáin. |
| An líon cuideachtaí a bhfuil tú ag déanamh breithniú ar **ghníomhaíocht leantach** a thionscnamh ina leith.[1] | | 30 |

[1] **Áirítear le samplaí de ghníomhaíocht leantach: measúnú nó imscrúdú níos mine a dhéanamh, teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí chun críocha faisnéise nó oideachais (mura ndearnadh an méid sin cheana féin le linn an Scuab-imscrúdaithe), agus/nó gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh.**

| **An Dea-Chleachtas: Ar tháinig tú ar aon samplaí den dea-chleachtas ar mhaith leat iad a chomhroinnt?**<br><br>• **I gcás 86% de na heagraíochtaí lena mbaineann, tá sonraí teagmhála dá nOifigeach Cosanta Sonraí liostaithe acu ar a suíomh Gréasáin. Thugamar faoi deara gur i bhfeidhm ag 90% díobh atá beartas príobháideachta is féidir a rochtain go héasca óna leathanach baile.**<br><br>• **Thuairiscigh formhór na n-eagraíochtaí go bhfuil beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm acu chun freagra a thabhairt ar iarrataí agus gearáin ó dhaoine aonair**<br><br>• **Thuairiscigh 75% de na heagraíochtaí go bhfuil beartais leordhóthanacha sáraithe sonraí i bhfeidhm acu** |
|---|
| **Treochtaí: Ar thug tú aon treochtaí nó aon saincheisteanna ar leith faoi deara le linn an Scuab-imscrúdaithe?**<br><br>• **Thuairiscigh na heagraíochtaí uile go gcuireann siad cineál éigin oiliúna cosanta sonraí ar fáil dá bhfoireann. Mar sin féin, níor thug ach 38% de na heagraíochtaí sin forbhreathnú ar na cláir oiliúna a chuireann siad ar fáil do gach ball foirne, lena n-áirítear an oiliúint d'iontrálaithe nua agus an oiliúint athnuachana a chuireann siad ar fáil.**<br><br>• **I bhformhór na gcásanna, thuairiscigh na heagraíochtaí go ndéanann siad cineál éigin faireacháin/féinmheasúnaithe. Thuairiscigh siad freisin, áfach, nach ndéanann siad amhlaidh de réir leibhéal sách ard. Bhain 3 cinn de na 29 bhfreagraí scór 'dona' amach agus bhain 13 cinn díobh scór 'sásúil' amach ina leith sin.**<br><br>• **Mhainnigh aon trian de na heagraíochtaí fianaise a thabhairt ar na próisis dhoiciméadaithe atá i bhfeidhm acu chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le táirgí agus teicneolaíocht nua. Mar sin féin, dúirt formhór na n-eagraíochtaí gurb eol dóibh go bhfuil na próisis sin ag teastáil agus tá cuid mhór díobh i mbun nósanna imeachta cuí a dhoiciméadú faoi láthair.**<br><br>• **Mhainnigh 30% de na heagraíochtaí a thaispeáint go bhfuil fardal leordhóthanach sonraí pearsanta i bhfeidhm acu agus mhainnigh beagnach leath díobh taifead a choinneáil ar shreafaí sonraí.** |

**Má d’fhéach tú ar níos mó ná earnáil amháin, sainaithin aon treochtaí nó difríochtaí soiléire atá ann idir na heagraíochtaí;**

- **Thugamar faoi deara gur bhain cuideachtaí ilnáisiúnta scór ard amach agus gur thaispeáin siad go bhfuil beartais chuimsitheacha agus nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm acu**
- **Tríd is tríd, níor éirigh le comhlachtaí earnála poiblí scór maith a bhaint amach maidir le féinmheasúnuithe agus/nó iniúchtaí a dhéanamh ar a gcláir phríobháideachta**
- **Ba i ndáil le bainistíocht teagmhas agus freagrúlacht a taifeadadh an líon is mó de na scóir ‘dhona’. Ní raibh aon difríocht shoiléir le tabhairt faoi deara idir na hearnálacha ina leith sin, áfach**